

Seans

	Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra)	Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó)	Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair)	Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé)
<i>Trí eispéiris chúí foghlama spráúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i>				
Torthaí Foghlama			cur síos agus scrúdú a dhéanamh ar intuarthacht, agus ar chinnteacht agus éiginnteacht in imeachtaí.	dóchúlacht a úsáid chun cinntí agus tuartha feasacha a dhéanamh. dóchúlacht a léiriú agus a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.
Coincheapa matamaiticiúla			Tá seansúlacht ag baint le himeachtaí gnáthshaoil. Is mó seans go dtarlódh imeachtaí áirithe ná imeachtaí eile.	Is féidir dóchúlacht a léiriú ar scála idir 0 – 1.
			Más beag an seans go dtarlódh rud éigin, tá dóchúlacht íseal aige. Más mór an seans go dtarlódh rud éigin, tá dóchúlacht ard aige.	Seans nach mar a chéile an dóchúlacht tástála go dtarlódh rud éigin agus an dóchúlacht theoriciúil.
			Is féidir le torthaí tuartha nó torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bheith difriúil ó na fíor-thorthaí.	Is féidir an dóchúlacht go dtarlódh toradh faoi leith a léiriú mar chodán, i bhfoirm dheachúlach, nó mar chéatadán.
			Agus an seans á iniúchadh, is féidir cinnteoireacht agus tuartha a dhéanamh faoi imeachtaí agus cúrsaí gnáthshaoil.	Tá gach toradh féideartha maidir le turgnamh i spás samplach.
				Is féidir cur síos a dhéanamh ar dhóchúlacht i dtéarmaí comhréireacha agus ríomhtar í ach an méid bealaí gur féidir an toradh i gceist tarlú a roinnt ar an méid iomlán torthaí.
				De réir mar a dhéanann tú triail arís go neamhspleách go leor uaireanta, éiríonn an meántoradh níos gaire don luach ionchais.